

- |    |  |   |
|----|--|---|
| 1. | Cad a rinne tú i rith na seachtaine?   | What did you do during the week?  |
| 2. | An maith leat capaill?   | Do you like horses?   |
| 3. | An ndeachaigh tú ag marcaíocht ar chapall riamh?   | Didi you ever ride a horse?   |
| 4. | An bhfuil suim agat i miotaseolaíocht na hÉirinn?  | Are you interested in Irish mythology?                                    |
| 5. | Ar léigh tú aon leabhar, nó an bhfaca tú scannán faoi nó bunaithe ar mhiotaseolaíocht na hÉireann? | Did you ever read a book or see a film about or based on Irish mythology? |

**Amhrán an Phúca**

**Traditional**

- |     |  |  |
|-----|--|--|
| 1.  | Ó, éireoidh mé ar maidin in ainm an Domhnaigh    | I'll get up in the morning in the name of Sunday             |
| 2.  | Is rachaidh mé 'mo chónaí ar chnocáinín bán      | And I will go live on a fair little hill                     |
| 3.  | Ó déanfaidh mé teach ann ar leataobh an bhóthair | Oh I will build a house there on the side of the road        |
| 4.  | I bhfogas don chónagar abhus agus thall          | At easy reach to all places                                  |
| 5.  | San áit a mbheidh agam cead bealaigh is bóthair  | There I'll have the freedom of the ways and roads            |
| 6.  | Caidreamh lucht eolais, fear loing' agus báid    | Where I will meet learned people, men of ships and boats     |
| 7.  | Beidh scoil ag lucht ealaíon 's ag ógánaigh óga  | There will be a school for artists and for the young         |
| 8.  | Ar lorg an eolais ag teacht ar mo shráid         | Seeking knowledge, coming to my street                       |
| 9.  | 'Sé iomrá na gcailleach 's na seandaoine críonna | It is the talk of old women and wise old folk                |
| 10. | D'fhág mearbhall ar m'intinn is néal i mo cheann | That has my mind confused and a cloud in my head             |
| 11. | A rá go raibh an Púca ann ó aimsir na Díleann    | Saying that the Pooka was around since the time of the Flood |
| 12. | Go bhfaca na daoine é, ach níl fhios cén t-am    | That people saw him, but it's not known when                 |

- |     |  |  |
|-----|--|--|
| 13. | Níorbh é sin a b'ait liomsa ag teacht<br>go ráithe an Gheimhridh | That's not what I'd like coming to the<br>Winter season            |
| 14. | Iad a bheith ag déanamh íospart istigh<br>ar mo shráid           | To have them abusing on my street                                  |
| 15. | Go mbíonn sé ina chat is ina mhada<br>san oíche                  | At night he is a cat or a dog                                      |
| 16. | Is nár thúisce ina Phúca é ná ina<br>sheanghearán bán            | And as soon as he is a Pooka he turns into<br>an old white gelding |
| 17. | Dhá bhfaighfainnse capall chomh<br>maith leis an bPúca           | If I had a horse as good as the Pooka                              |
| 18. | Bheadh m'anamsa lúfar ag imeacht is<br>a teacht                  | My soul would be fast moving, leaving<br>and coming                |
| 19. | Dhá mba thíos i gCeann Gaineamh a<br>thógfadh sé a ualach        | If he loaded his cargo way down at<br>Sandhead                     |
| 20. | Ó bheadh sé i gceann leathuair ag<br>binn Éamainn Uí Bhriain     | Oh he'd be at Eamonn O'Brien's gable<br>within the half-hour       |
| 21. | Cuirfidh mé sconsa le hIomaire an<br>Líonáin                     | I will raise a fence by Leenane's Ridge                            |
| 22. | Ní ligfidh mé aníos é le fána an Toirc<br>Mhóir                  | I won't let him down along the slope of<br>the Great Boar          |
| 23. | Dhá n-ionsódh sé Caiseal trí cheartlár<br>na Maoinne             | If he approaches Cashel through the center<br>of Moone             |
| 24. | Anonn go tír caorach nó anonn don tír<br>ghlas                   | Over to the sheepland or over by the green<br>pasture              |

- |     |   |   |
|-----|---|---|
| 25. | Ní ligfidh mé tharam ar thalamh ná ar thoinn é    | I won't let him pass by me over land or sea       |
| 26. | 'S beidh aireachas cruinn agam roimhe sa ród      | And I'll keep a close eye for him on the roadway  |
| 27. | Dhá gcastaí le Jeaic é, fear maith atá sa tír seo | If he happens on Jack, a man of renown            |
| 28. | Bhainfeadh sé píosa dhá leiceann is dhá shrón     | He would take a bit out of his cheek and his nose |

**Ceisteanna**

1. Cén lá den tseachtain ar éirigh an scéalaí?
2. Cad a thógfaidh sé ar an gcroc?
3. Cén saghas daoine a thagadh ar cuairt?
4. Cén saghas scoile a bheadh ann?
5. Cé a bhí ag caint leis faoin bpúca?
6. Cé chomh fada is a bhí an púca ann?
7. Cén chuma a bhíonn ar an bpúca?
8. Cén bua atá ag an bpúca?
9. Cad ba mhaith leis an scéalaí le púca?
10. Ar mhaith leatsa púca a fheiceáil?

**Questions**

- Which day of the week did the narrator wake up?
- What will he build on the hill?
- What kind of people would come to visit?
- What kind of school would be there?
- Who was talking to him about the pooka?
- How long has the pooka been around?
- What appearance does the pooka have?
- What ability does the pooka have?
- What would the storyteller like to do with a pooka?
- Would you like to see a pooka?